GrindSpot
ONLINE GRINDS PLATFORM

LEAVING CERT 2027

LEAVING CERT IRISH · GAEILGE

Exam Ready

Higher Level · Paper 2 · Workbook A

Dyslexia friendly
large, clear text · room to write

Built from 9 years of real Leaving Cert papers: what comes up, how it's marked, and the practice to nail it.

- **9** years of exam trends, topic by topic
- **49** drill questions with worked answers
- **1** full practice paper, 200 marks
- ✓ a model answer or plan for every question



Know what's coming.
Walk in ready.

Original GrindSpot material written in the style of the Leaving Certificate examination. Not an official SEC paper.

What comes up

2017 to 2026

We read every Higher Level Paper 2 from the last 9 exams (there were no written exams in 2020) and noted what each question asked for. The texts change for 2027; the question types do not. Each number is how many questions that year used the topic; a topic counts when at least one part of the question asks for it. Reading counts once for each of the two passages.

	2017	2018	2019	2021	2022	2023	2024	2025	2026	Years
Filíocht: theme	2	2	2	2	2	2	2	2	2	**9/9**
Léamhthuiscint (reading)	2	2	2	2	2	2	2	2	2	**9/9**
Own-words answer, 6(b)	2	2	2	2	2	2	2	2	2	**9/9**
Prós: character	2	2	2	2	2	2	2	2	2	**9/9**
Grammar: briathar saor	1	2	2	2	2	1	2	2	2	**9/9**
Prós: relationships & conflict	1	2	1	2	2	2	2	1	2	**9/9**
Filíocht: technique	2	2	–	1	2	2	2	1	1	**8/9**
Filíocht: feelings & atmosphere	1	2	1	2	2	–	1	2	1	**8/9**
Your own view	1	2	1	1	1	1	1	–	2	**8/9**
Litríocht bhreise (additional lit.)	1	1	1	1	1	1	1	1	1	**9/9**
Prós: plot / events	–	–	1	1	2	1	1	1	2	**7/9**
Prós: theme	–	1	–	2	2	1	2	–	1	**6/9**
Filíocht: imagery	1	–	1	–	2	1	–	2	1	**6/9**
Filíocht: the poet's life & work	1	–	1	1	1	1	1	1	1	**8/9**
Grammar: tuiseal ginideach	1	1	1	1	1	2	–	1	–	**7/9**
Prós: feelings	–	1	–	1	–	2	1	2	1	**6/9**
Grammar: modh coinníollach	1	–	1	1	1	–	1	–	1	**6/9**
Grammar: comparison of adjectives	–	1	–	–	–	–	1	1	1	**4/9**
Prós: technique	–	–	1	–	–	1	1	1	–	**4/9**
Grammar: verb tenses	1	–	–	–	–	1	–	–	–	**2/9**

Darker = more questions. Source: State Examinations Commission papers, 2017 to 2026, read and grouped by GrindSpot. Every question we counted is listed at **grindspot.ie/exam-trends**. A guide to what has come up, not a prediction of what will.

Same shape every year. Two reading passages, then prose, poetry and additional literature, in every paper. Only the choice inside changed (2021–22 had more).

The briathar saor is the grammar favourite. It was asked in 9 of 9 papers, often in both passages. The modh coinníollach and the breischéim come next.

Character is always asked. A question on a character or a relationship came up in the prose every year. Know two traits of each main character, with an event for each.

New texts for 2027. 2027 is the first year the new prose and poems are examined, so no past paper has a question on them. Use past papers for the question types only.

TOPIC 4

Prós ainmnithe

Worked answers →

In the real exam

30 marks every year, 2017 to 2026: Ceist 2: 2A on a prescribed text, or 2B on your optional prose.



Fionn's tip: Know two traits of each main character, the key relationship, the main theme and the ending, each with an event from the text. Learn the spelling of the names.

1. **Athair:** Déan cur síos ar charachtar an athar sa ghearrscéal.

2. **Athair:** Cén tábhacht a bhaineann leis an gceist dheireanach a chuireann an t-athair ar a mhac?

3. **Clann Lir:** Déan cur síos ar charachtar Aoife.

Ceist 1 · Léamhthuiscint — 100 marc

Freagair Léamhthuiscint A agus Léamhthuiscint B anseo.

A — (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

Katie Taylor – ag troid ar son a brionglóide

1. Is í Katie Taylor an dornálaí is mó cáil a tháinig as Éirinn riamh, dar le go leor daoine. Rugadh í i mBré, Co. Chill Mhantáin, i mí Iúil 1986. Ba é a hathair, Pete Taylor, a mhúin ceird na dornálaíochta di nuair a bhí sí an-óg, agus ba é a bhí mar thraenálaí aici ar feadh na mblianta i gclub dornálaíochta i mBré. Ní raibh sé éasca do chailín óg a bheith ag dornálaíocht ag an am sin. Ní raibh troideanna ban ceadaithe go hoifigiúil in Éirinn nuair a thosaigh sí ag traenáil, agus níor ghlac gach duine leis go raibh áit do chailíní sa spórt. Bhí daoine ann a cheap nach raibh sé oiriúnach do chailíní a bheith ag troid, agus is minic a chuala sí tuairimí diúltacha. Ach bhí tacaíocht a muintire aici i gcónaí, agus níor chaill sí a misneach. In 2001, nuair nach raibh sí ach cúig bliana déag d'aois, ghlac sí páirt i gceann de na chéad troideanna ban a ceadaíodh go hoifigiúil sa tír.

2. Ní hamháin go raibh sí ina dornálaí iontach. Bhí sí an-chumasach ag spóirt eile freisin, agus d'imir sí sacar ar fhoireann náisiúnta na mban sular dhírigh sí go hiomlán ar an dornálaíocht. Bhí sí go maith ag beagnach gach spórt a thriail sí ina hóige. Sa dornálaíocht amaitéarach, bhuaigh sí craobh an domhain cúig huaire as a chéile, agus craobh na hEorpa arís agus arís eile. Tháinig sí chun bheith ina réalta sa bhaile, agus thosaigh níos mó cailíní ag freastal ar chlubanna dornálaíochta ar fud na tíre. Ach bhí brionglóid amháin fós aici nár fíoraíodh: bonn óir Oilimpeach. Ní raibh dornálaíocht na mban ar chlár na gCluichí Oilimpeacha riamh roimhe sin, agus d'fhan Katie blianta fada go bhfógrófaí go mbeadh sí ann den chéad uair, i Londain in 2012. Lean sí uirthi ag traenáil go dian, lá i ndiaidh lae, agus a súil ar an sprioc sin.

3. Nuair a shroich Katie Taylor Londain i samhradh na bliana 2012, bhí súile na tíre uirthi. Lean na mílte lucht leanúna as Éirinn í go dtí an láthair, agus bhí an gleo chomh hard sin gur thug iriseoirí ó thíortha eile suntas dó. Sa bhaile, bhí an tír ar fad ag faire ar an teilifís. Bhuaigh sí an bonn óir sa rannán meáchain éadroim, agus tháinig na sluaite amach ar shráideanna Bhré chun fáilte abhaile a chur roimpi. Bhí sí ar dhuine de na lúthchleasaithe ba cháiliúla in Éirinn as sin amach. Ceithre bliana ina dhiaidh sin, áfach, bhí díomá an domhain uirthi ag na Cluichí Oilimpeacha i Rio de Janeiro, nuair a buaileadh í sa bhabhta ceathrú ceannais. Ba bhuille mór di an díomá sin, agus cheap go leor daoine go raibh deireadh lena gairm bheatha. Bhí athrú tagtha ar a saol pearsanta faoin am sin freisin, mar ní raibh a hathair ag traenáil léi a thuilleadh.

na Samhna). **2 marc**

(b)(ii) Doirse a oscailt do chailíní agus do mhná óga ar fud na tíre. **2 marc**

6. (a) Briathar saor, Aimsir Chaite (Alt 1): *Rugadh* (or *ceadaíodh*). Breischéim (Alt 5): *is tábhachtaí*. **3 marc**

(b) Model: *Ar an gcéad dul síos, nuair a bhí Katie óg, ní raibh cead ag mná troid go hoifigiúil sa tír seo, agus bhí ar Katie fanacht go dtí go n-athrófaí na rialacha. Ina theannta sin, bhí uirthi a baile agus a muintir a fhágáil chun tosú arís mar dhornálaí gairmiúil i Meiriceá, agus fiú ansin chaill sí troid os comhair a muintire féin i mBaile Átha Cliath sular éirigh léi arís.* (about 65 words) **12 marc**

Questions 1–5: 7 marks each; answers may be in your own words or the passage's. Excess material that does not answer the question can lose marks. **6(a):** 2 marks for the first correct item, 1 for the second. **6(b):** 12 marks for two relevant points in your own words; sentences lifted from the passage earn nothing.

Ceist 1 · Léamhthuiscint B — (50 marks)

1. (a) Idir ocht agus deich n-uaire an chloig gach oíche. **3 marc**

(b)(i) Any two: staidéar; féachaint ar shraitheanna; scrolláil ar na meáin shóisialta. **2 marc**

(b)(ii) Déanann sí dochar dá sláinte agus dá gcuid foghlama. **2 marc**

2. (a) Scaoileann an inchinn an meileatoinin níos déanaí san oíche, agus dá bharr sin ní bhíonn tuirse ar go leor déagóirí go dtí go mbíonn sé déanach. **3 marc**

(b)(i) Cuireann sé codladh ar dhuine. **2 marc**

(b)(ii) Cuireann sé an clog inmheánach níos mó as riocht, agus bíonn sé níos deacra fós dul a chodladh oíche Dhomhnaigh. **2 marc**

3. (a) Is le linn codlata a stórálann an inchinn an t-eolas a foghlaimíodh i rith an lae. **3 marc**

(b)(i) Bíonn siad níos crosta agus níos imníche ná a gcomhaoisigh. **2 marc**

(b)(ii) Meáchan a chur suas, agus córas imdhíonachta níos laige. **2 marc**

4. (a) Tugann scáileáin solas gorm uathu a chuireann moill ar an meileatoinin, agus coinníonn fógraí agus teachtaireachtaí an inchinn ag obair. **3 marc**

(b)(i) É a fhágáil i seomra eile uair an chloig roimh am codlata, nó ar a laghad na fógraí a mhúchadh. **2 marc**

(b)(ii) Bheadh difríocht mhór le feiceáil. **2 marc**